TRÓCAIRE
Working for a Just World

Meabhraíonn an siombal seo obair na bpáistí a bhailiú le cur isteach ar Chomórtas Bosca Trócaire. Tabhair cuairt ar **www/trocaire.org/education** chun teacht ar na sonraí ar fad

# ACMHAINN DON BHUNSCOIL SHÓISEARACH*

## Naíonáin Sóisir go Rang 2 / Eochair-Chéim 1

*Féadtar na hábhair seo a chur in oiriúint chomh maith le húsáid leis na blianta luatha:

## Réamhrá

**MÁ ÚSÁIDTEAR ÁBHAIR DE CHUID TRÓCAIRE LE DO DHALTAÍ CUIRFEAR AR A GCUMAS:**

- Iniúchadh a dhéanamh ar shaol Daniel, buachaill 9 mbliana d'aois in Uganda
- Foghlaim faoin obair a dhéanann Trócaire ar mhaithe le cabhrú le Daniel agus lena mhuintir
- Páirt a ghlacadh i gComórtas Bosca Trócaire. Féach an bileoigín iniata nó **www/trocaire.org/education** do na sonraí ar fad.

**ÁBHAIR AGUS SNÁITHEANNA :**

- **OSPS:** Mé féin agus an domhan mór lasmuigh – a aithint go bhfuil a chion féin le tabhairt ag an uile dhuine do shaol an phobail.
- **Tír Eolaíocht:** Daoine agus áiteanna i gceantair eile – eolas ar dhaoine atá ina gcónaí in áit eile a fhorbairt.
- **Béarla agus Drámaíocht:** Inniúlacht agus féinmhuinín in úsáid teangacha.
- **Na hAmharcealaíona:** Péint agus Dathanna – cuir an saol in iúl agus léirigh téamaí le dathanna
- **Reiligiún:** Beo Go Deo – Beo Go Deo 4.

**AN ACMHAINN SEO A ÚSÁID:** 3 ghrianghraf, 1 bhileog oibre, póstaer agus 5 ghníomhaíocht atá san acmhainn seo. Chun teacht ar ghníomhaíochtaí le húsáid ar chláir bhána, féach www.trocaire.org.education

## GNÍOMHAÍOCHT A HAON: RÉAMHRÁ AR DANIEL

**ABAIR LEIS NA PÁISTÍ GO BHFAIGHIDH SIAD EOLAS AR BHUACHAILL DARB AINM DANIEL A BHFUIL CÓNAÍ AIR I DTÍR EILE. TAISPEÁIN AN TÍR UGANDA DÓIBH AR AN GCRUINNEOG. CUIR RÉALTA AR UGANDA AGUS RÉALTA AR ÉIRINN. CUIR AN BOSCA TRÓCAIRE, GRIANGHRAFANNA AGUS AN CHRUINNEOG I LÁR CIORCAIL.**



⇨ **Múinteoir:** Tá Daniel naoi mbliana d'aois.
Páistí (ag croitheadh lámha ag Grianghraf 2): Haigh Daniel!

⇨ **Múinteoir:** Tá cónaí air i dtír san Afraic a dtugtar Uganda air.
Páistí (ag díriú méire i dtreo na cruinneoige): Uganda!

⇨ **Múinteoir:** Bhí Daniel an-óg nuair a bhí air féin agus a mhuintir imeacht ón mbaile acu féin in Uganda.
Greadann na páistí a gcosa.

⇨ **Múinteoir:** Bhí orthu gach rud a fhágáil ina ndiaidh agus bhí siad scanraithe go mór.
Cuma scanraithe ar na páistí.

⇨ **Múinteoir:** Ach le cabhair Trócaire ba ghearr gur thosaigh muintir Daniel ar roinnt síolta a chur.
Ligeann na páistí orthu go bhfuil siad ag rómhar.

⇨ **Múinteoir:** Chuidigh Trócaire le máthair agus athair Daniel chun teach cónaithe nua a thógáil.
Agus na lámha i bhfoirm triantáin acu, déanann na páistí díon os a gcionn.

⇨ **Múinteoir:** Rinne Trócaire deimhin de go raibh gabhair agus daimh ag muintir an tsráidbhaile ag Daniel dá gcuid feirmeacha.
Cuireann na páistí na corrmhéara ar a gcloigne chun cuma adharca a dhéanamh.

⇨ **Múinteoir:** Le cabhair Trócaire, ba ghearr go raibh Daniel agus a mhuintir folláin agus sona.
**Cuireann na páistí na hordóga in airde agus deir siad "Maith sibh, Daniel agus Trócaire!"**

# AN CHIÉAD PHAIDIR

Lastar coinneal.

- **Múinteoir:** "A Thiarna, gabhaimid buíochas leatsa inniu. Go raibh maith agat as dóthain bia a thabhairt dúinn chun cuidiú linn bheith folláin agus láidir. Go raibh a ndóthain le hithe ag páistí in Uganda. Sin é ár nguí chugat. A Thiarna, éist linn."
- **Freagra:** "A Thiarna, bí ceansa agus éist linn."
- **Múinteoir:** "A Thiarna, gabhaimid buíochas leatsa inniu. Go raibh maith agat as na tuismitheoirí agus caomhnóirí atá againn a thugann aire dúinn. Go raibh tithe cónaithe maithe ag na páistí in Uganda. Sin é ár nguí chugat. A Thiarna, éist linn."
- **Freagra:** "A Thiarna, bí ceansa agus éist linn."
- **Múinteoir:** "A Thiarna, gabhaimid buíochas leatsa inniu. Go raibh maith agat as na múinteoirí atá againn a chabhraíonn linn chun foghlama. Go raibh scoileanna maithe ag na páistí in Uganda. Sin é ár nguí chugat. A Thiarna, éist linn."
- **Freagra:** "A Thiarna, bí ceansa agus éist linn."
- **Múinteoir:** "A Thiarna, gabhaimid buíochas leatsa inniu. Go raibh maith agat as Trócaire a chabhraíonn le páistí agus le teaghlaigh in Uganda agus ar fud an domhain. Go raibh an misneach agus an neart ag Trócaire chun dea-obair a dhéanamh. Sin é ár nguí chugat. A Thiarna, éist linn."



- **Freagra:** "A Thiarna, bí ceansa agus éist linn."
- **Múinteoir:** "A Thiarna, inniu iarraimid do chomhairle orainn i rith an Charghais. Cabhraigh linn chun obair a dhéanamh i bpáirt le chéile agus a bheith cineálta le gach duine a chastar orainn. A Thiarna, éist linn."
- **Freagra:** "A Thiarna, bí ceansa agus éist linn."
- **Cantar:** Beo Go Deo 2, 3 & 4: Is é m'Aoire an Tiarna

Agus an choinneal á múchadh ag an múinteoir, abair leis na páistí go mbeidh siad ag foghlaim maidir le Trócaire agus Daniel. Iarr orthu páirt a ghlacadh sna himeachtaí chomh maith agus a thig leo a dhéanamh, ionas go mbeidh siad in ann, faoina dheireadh, cur isteach ar an gComórtas Bosca Trócaire.

GNÍOMHAÍOCHT A DÓ:

# CÉ HÉ MO CHOMHARSA? IS MÓR AG TRÓCAIRE AN DLÚTHPHÁIRTÍOCHT

### DÉAN LEABHAR I BHFOIRM CONSAIRTÍN FAOI GHNÁTHCHÚRSAÍ AN LAE MAR A BHÍONN AG DANIEL.

Bain úsáid as na grianghrafanna iniata agus ar líne ar **www.trocaire.org/education** mar spreagadh.

Fill suas píosa A4 de chárta ina cheithre chuid. Ar gach cuid de, iarr ar na páistí pictiúr a tharraingt agus focal nó abairt a scríobh faoina bhun.



- **Saghsanna caitheamh aimsire:** Is breá le Daniel an scoil; Béarla an t-ábhar is fearr leis. Is iad an pheil agus súgradh lena chairde na saghsanna caitheamh aimsire is fearr leis. An bhfuil saghsanna caitheamh aimsire mar seo ag aon duine de do chuidse daltaí?
- **Freagrachtaí:** Scaoileann Daniel na gabhair amach chun féaraigh ar maidin sula siúlann sé ar scoil. Sa tráthnóna níonn sé na soithí agus treabhann sé an pháirc sa sráidbhaile leis na daimh. Téann sé ar an rothar go dtí caidéal uisce an phobail agus bailíonn sé adhmad don tine gach lá. Labhair faoi na cúraimí a dhéanann do chuidse daltaí agus iad ag cabhrú sa bhaile.
- Cuir leabhair chonsairtín na bpáistí ar taispeáint sa seomra ranga nó iarr orthu iad a thabhairt abhaile agus iad a léamh lena dtuismitheoirí.
- Cuimhnigh ar nóta a bhreacadh maidir leis an méid atá fiosraithe agus foghlamtha ag na daltaí mar threoir leis an dearadh ranga a bheidh agaibh don Chomórtas Bosca Trócaire.

## GNÍOMHAÍOCHT A TRÍ:

# LÁMH CHÚNTA: MAR A DHÉANANN TRÓCAIRE DAOINE A CHUMASÚ

- Déan liosta de na nithe atá ag teastáil agus de na riachtanais i bpáirt leis an rang ar an mbord. Meall an t-eolas astu go mbíonn gá againn ar fad le nithe ar nós bia, teach cónaithe agus cairde, ach go mb'fhéidir go dteastaíonn rudaí uainn ar nós bréagáin nua nó cluichí.



**Dá mbeadh trí cinn de mhianta ag Daniel, ba mhaith leis:**

- Leanacht ar aghaidh ag dul ar scoil
- Cabhrú lena phobal trí cháilíocht mar dhochtúir a bhaint amach
- Dúiseacht go luath chun guí a dhéanamh

- Tabhair ar na páistí labhairt lena chéile ina bpéirí agus trí cinn de ghuíonna a dhéanamh ar son Daniel. Ag brath ar na freagraí a thugann siad, mínigh dóibh mar a chabhraíonn Trócaire le pobal Daniel chun a gcuid bia a chur agus a fhás, uisce glan atá slán inólta a bheith acu agus deochanna leighis a bheith acu nuair a bhíonn siad tinn.
- Iarr ar na daltaí ina bpéirí colláis an péire a dhéanamh de na guíonna a rinne siad ar mhaithe le Daniel. Ceangail na colláisí le chéile chun múrmhaisiú ranga a dhéanamh.
- Cuimhnigh ar nóta a bhreacadh maidir leis an méid atá fiosraithe agus foghlamtha ag na daltaí mar threoir leis dearadh ranga a bheidh agaibh don Chomórtas Bosca Trócaire.

## GNÍOMHAÍOCHT A CEATHAIR:

# NÍOS CÓNGARAÍ DON TALAMH: IS MÓR AG TRÓCAIRE AN RANNPHÁIRTÍOCHT

### TÁ SÉ IN AM SÚGARTHA!
### MÚIN AN CLUICHE SEO A LEANAS AS UGANDA DO DO CHUIDSE PÁISTÍ:



- Mínigh gur breá le páistí in Uganda súgradh le téada scipeála. De ghnáth is téada scipeála de dhéantús baile a bhíonn acu a dhéantar as ábhar athchúrsáilte nó de choirt chrainn fiú amháin.
- **Cluiche nathair nimhe:** beireann beirt daltaí ar dhá cheann na téide scipeála agus leagann siad ar an talamh é. Cuireann siad an téad scipeála ag lúbarnaíl nó go mbíonn cuma nathair nimhe ag gluaiseacht air. Ritheann an chuid eile den ghrúpa thar an téad scipeála ag féachaint go cúramach nach seasann siad air.

# GNÍOMHAÍOCHT A CÚIG: IS IOMAÍ CLÓ A BHÍONN AR AN MISNEACH: IS MÓR AG TRÓCAIRE AN MISNEACH

- **Déan nasc le Grianghraf 4:** Ar mhaithe le dhlúthpháirtíocht le Daniel, iarr ar na páistí buicéid uisce a iompar timpeall clós na scoile. Labhair leo faoi cé chomh deacair is a bhí sé gan aon uisce a dhoirteadh. Fiafraigh de na páistí cé chomh traochta is a bheadh siad dá mbeadh orthu siúl timpeall clós na scoile fiche uair agus na buicéid á n-iompar acu – sin an t-aistear a bhíonn roimh Daniel agus é ag dul go dtí an caidéal uisce.



- Déan litreacha móra bolgáin den fhocal Trócaire. Iarr ar na páistí pictiúr a tharraingt nó focal a scríobh maidir le Trócaire agus greamaigh de na litreacha é.

TRÓCAIRE

- Ar mhaithe lena gcuid foghlama a dhaingniú, iarr ar na páistí seasamh isteach i gciorcal. Abair leo go mbeidh mála suí á chur timpeall ar an gciorcal agus nuair a rachaidh sé chomh fada leo, caithfidh siad rud amháin a lua atá faighte amach acu maidir le Trócaire. Tosaíonn an múinteoir leis an mála suí agus tugann léiriú dóibh ar a bhfuil le rá. Caitheann gach páiste an mála suí chuig páiste eile go dtí go dtagann deireadh le ciorcal na foghlama.

Cuimhnigh ar nóta a bhreacadh maidir leis an méid atá fiosraithe agus foghlamtha ag na daltaí mar threoir leis an dearadh ranga a bheidh agaibh don Chomórtas Bosca Trócaire.

## ATHMHACHNAIMH

### Íseáia 1:17

**FOGHLAIMÍGÍ AN MHAITH A DHÉANAMH! LORGAIGÍ AN RUD CÓIR, CUIRIGÍ IN ÉADAN ANSMACHTA.**

### Lúcás 14:13-14

**ACH NUAIR A BHÍONN FLEÁ AGAT Á TABHAIRT, TABHAIR CUIREADH DO BHOICHT, DO MHAIRTÍNIGH, DO BHACAIGH, DO DHAILL, AGUS BEIDH SONAS ORT.**

### Seanfhocail 19:17

**AN TÉ A BHÍONN CINEÁLTA LEIS NA BOICHT, TUGANN SÉ IASACHT DON TIARNA, DÉANFAIDH SÉ CÚITEAMH AR SON A NDEARNA SÉ.**



Maria Casey a scríobh na hábhair.